AMÁRAĊ

3d

Ġuṫ na Gaeltaċta

Foillsiṫe gaċ Diardaoin.
Nuaċtan seaċtainiúl na Gaeltaċta.
Ábar fógraíoċta agus eagarṫóireaċta ċuig:— AMÁRAĊ, Ceanannus Mór.

Iml. 9. Uiṁ. 1. Aoine, 1ú Eanair, 1965.

EAGARFOCAL. 1-1-'65.

Ceist na Bliana Úire

Lá seo na bliana úire, 1965, is ioma ábar smaointe a ṫig i gceann duine. Tá an t-am ag dul ṫart, agus sinn go léir ag éirí níos sine, pé acu tá muid ag éirí níos críonna, nó naċ bfuil. Aċ, níl aċ rud aṁáin ar féidir leis an Gaeilgeoir smaoineaṁ air ar na lá seo, an 1ú lá den ḃliain nua, cad tá indan don Ġaeilge i 1965? Mar is cinnte, gur sa ḃliain roṁainn, a ṡábalófar nó a ṡocrófar, ceist na Gaeilge. Ní fada is féidir an Páipéar Bán a ḃeiṫ gan foilsiú agus ansin, léireófar, céard atá ar intinn ag an Rialtas a ḋéanaṁ faoi an Ġaeilge.

Le beagnaċ cúig bliana, tá tuarascáil an Ċoimisiúin, agus an Páipéar Bán seo mar leiṫscéal ar ċuile rud, a ḃain leis an Ġaeilge, agus nár ṁaiṫ leis an establishment, a ċur siar. Aċ mar sin féin, níor ċosc sé riaṁ an establishment ar a gcuid tuairimí agus teoraiċí féin a ċur ċun cinn, mar a ċuireadar an cló Róṁánaċ, cuir i gcás, agus an t-aṫrú bunúsaċ insan scrúdú béil do na meánscoileanna. Is deacair do ḋaoine gan a ḃeiṫ aṁrasaċ faoin intinn taoḃ ṫiar de, aċ cibé ar biṫ, caiṫfear an scéal a léiriú san ḃliain seo roṁainn, agus cífe muid insan Ṗáipéar Bán, cad tá ar intinn a ḋéanaṁ.

Aċ, níl ansin aċ taoḃ aṁáin den scéal, den aṫḃeoċaint. Sé an rud is mó a mbeiḋ Gaeilgeoirí smaointeaċa ag smaoineaṁ air, inniu, nó cé ċaoi a bfuil an scéal insan Ġaeltaċt, agus béifear ag cuiṁniú go bfuil sé 10 mbliana coṫrom ó ṡin, anois ó bunaíoḋ Muinntir na Gaeltaċta, agus ó léiríoḋ ṫar aon aṁras, do ċáirde agus naiṁde na teangan, cad a ḃí ag teastáil leis na ceantair ina labartar an Ġaeilge fós, a ċaoṁnú, agus an teanga a ċoinneáil mar ṫeanga ḃeo ionnta. Cuiṁneófar gur iarr Muinntir na Gaeltaċta aon rud aṁáin, Bord neaṁspleáċ a ḃeaḋ scarṫa amaċ ó ṗolaitíoċt laeṫiúl, agus ó ṁarbḟaisg na Stát-Seirbíse ⁊ an establishment, agus a mbeaḋ teaċt isteaċ fiúntaċ go leor ⁊ buan go leor acu, go dtiocfaḋ leo glacaḋ le freagarṫaċt ar obair lán aimsireaċ a ċur ar fáil do ṗobal láiṫreaċ na Gaeltaċta.

Nuair a ḃí an gríosaḋ ag dul go láidir fá ċoinne an Ḃoird sin, agus gur ṫug an Rialtas isteaċ don ġríosaḋ oircad agus gur ṫairg siad Aireaċt a ċur ar bun, agus gur ḋiúltaiġ Muinntir na Gaeltaċta de sin ar an ábar naċ raiḃ sé, agus naċ bfuil sé feiliúnaċ. Loit eagras aṫḃeoċána na Gaeilge, Comḋáil Náisiúnta na Gaeilge, an scéal ar fad, nuair a ġlac siad go h-oifigiúil agus go poiblí, agus gan aon scéala roiṁré do Ṁuinntir na Gaeltaċta, leis an tairiscint seo, agus gur ṁol siad an Rialtas as an Aireaċ a ḃunú. Tá an Aireaċt ann le oċt mbliana anois, agus níl oiread agus duine aṁáin i gComḋáil Náisiúnta na Gaeilge féin, fiú aṁáin, adéarfaḋ go bfuil obair bunúsaċ de ṡaġas ar biṫ déanta ag an Aireaċt leis an Ġaeltaċt a ċur ar láiṁ ṡábála. Tá an Aireaċt ag dul ó ḃliain go bliain, ag caiṫeaṁ moll maiṫ airgid, ar costaisí, tuarastáil agus taisteál agus coṫabáil, agus ag cárnú ṫar n-ais san Stát-Ċiste suas le £1m. ins na h-oċt mbliana seo de airgead a ḃótáil an Dáil fá ċoinne na Gaeltaċta, aċ naċ raiḃ an Roinn ábálta a ċaiṫeaṁ go tairḃeaċ.

Ceistnímid ar ċuir an Roinn 1,000 duine in obair lán-aimsire sa Ġaeltaċt san tréiṁse sin? Ceistnímid ar ċuir siad leaṫ an ṁéid sin? Ar ċuir siad ḋá ċéad ag obair go lán-aimsireaċ? Ar ċuir siad 100 féin ag obair go lán aimsireaċ ins na h-oċt mbliana atá caite? Agus ṫairis sin arís, ceistnímid an bfuil sé ar intinn acu obair lánaimsireaċ a ṡoláṫar ċor ar biṫ do ṗobal na Gaeltaċta? Agus arís, ceistnímid, mar a rinne muid roiṁe, an bfuil an cúram orṫa mar Roinn obair lán aimsire aċ a ṡoláṫar do ṗobal na Gaeltaċta? Agus muna bfuil, naċ miṫid an Roinn a scor, agus an bealaċ a ḟágáil foscailte fá ċoinne údarás éigin a ḃéarfas faoi slánú na Gaeltaċta.

Sin ceisteanna naċ miste do Ġaeilgeoirí a ċur orṫa féin, insan ḃliain seo 1965, agus má tá Gaeilgeoirí dílse fós in Éirinn, ní ṁiste dóiḃ rún bliana úire a ḋéanaṁ, go n-oibreóiḋ siad a neart agus a dtionċar leis an ḟírinne do scaipeaḋ faoi scéal uaráis seo — airgead poiblí atá á ċaiṫeaṁ agus gan aon tairḃe dá ḋéanaṁ don Ġaeltaċt. Nó aṁras a ḃeiṫ ann an bfuil sé mar ċúram ar an Roinn, tairbhe a ḋéanaṁ, go geilleagraċ don Ġaeltaċt?

Dáiliú Scoláireaċta Gaeltaċta

222 as 375 scolaireaċta méanscoile ag Tírċonail

SA DÁIL, D'ḞIAFRAIĠ SEÁN Ó TREASAIĠ, T.D., DEN AIRE OIDEAĊAIS, CÉ ṀÉID AS:

1 An Ġaeltaċt; 2 An Fíor-Ġaeltaċt; 3 An Ḃreac Ġaeltaċt. A. Bfuil scoláireaċtaí speisialta Roinn na Gaeltaċta acu? B, Cé ṁéid as gaċ Gaeltaċt in gaċ condae fé leiṫ, a bfuil siad sin acu? C, Cad iad na Coláistí ina ḃpuil siad, agus cad é an líon atá in gaċ coláiste díoḃa faoi seaċ?

D, Cé ṁéid óna limistéir Gaelaaċta i ngaċ condae, a bfuil Scoláireaċta Comhairle Condae, Scoláireaċtaí go dtí Coláistí Tís nó go dtí Coláistí Talṁaíoċta, nó scoláireaċtaí speisialta go dtí Institiuití teicneolaíoċta, agus a leiṫéidí acu? E, Cad é an líon díoḃa sin atá i ngaċ forás fé leiṫ, agus ainm an ḟoráis?

D'ḟreagair an Dr. Ó hIrġile Aire Oideaċais, de ṫoraḋ Ordú na Limistéirí Gaeltaċta, 1956, naċ raiḃ an Ġaeltaċt roinnte ina Ḃreac-Ġaeltaċt agus ina Ḟíor-Ġaeltaċt anois. Is ag an Roinn Oideaċais a bronntar scoláireaċta speisialta do luċt na Gaeltaċta.

Sa ḃliain reaṫa, de na scoláireaċtaí a ḃronann an Roinn Oideaċais, tá 58 scoláireaċta ollscoile i seilḃ macléinn ó'n nGaeltaċt; 375 scoláireaċta iar-ḃunscoile agus 2 scoláireaċta ċuig coláistí tís.

Iolscoile

Den 58 scoláireaċta iolscoile, tá 23 ag micléinn as Dún na nGall; 15 as Gaillim, agus 6 as Muiġeo; 10 as Ciarraí; 3 as Co. Ċorcaí; 1 as Co. Ṗortláirge.

Meánscoile

Den 375 scoláireaċta iar-ḃunscoile, tá 222 ag micléinn as Dún na nGall; 89 as Gaillim; 13 as Muiġeo; 46 as Co. Ċiarraí; 4 as Co. Ċorcaí; 1 as Gaeltaċt na Miḋe. Tá an dá scoláireaċt tís, ag mic-léinn as Co. na Gaillime.

Ḃí ani 58 scoláireaċta ollscoile, dá sealḃú mar leanas:

54 i gColáiste Iolscoile na Gaillime; 2 i gColáiste Iolscoile Ḃaile Áṫa Cliaṫ; 1 i gColáiste Iolscoile Corcaí; 1 i gColáiste Naoṁ Ṗádraig, Má Nuadat.

Meánscoltaċa

Seo leanas mar ḃí na scoláireaċta meánscoileanna dá sealḃú:

75 i gColáiste Éinde. Gaillim; 38 in Árdscoil Muire. Doire

(Ar lean. ar leaṫ. 2).

Cursaí le hIascairí a Oiliúnt mar Scipéirí

Riaċtanaċ do ḋaoine a ḃéas ag fáil tráiléirí

BEIḊ SEANS EILE AG IASCAIRÍ ÓGA NA hÉIREANN DUL AR CÚRSA TRAENÁLA LENA GCUID PÁIPÉIRÍ A ḂAINT AMAĊ MAR SCIPÉIRÍ BÁDAÍ IASCAIREAĊTA, I 1965.

Ní mór áfaċ, na h-iarratasí, líonta go h-iomlán a ċur arais ċuid Rannóg Iascaireaċta 3 Sráid Caṫal Bruġa Baile Áṫa Cliaṫ roiṁ an 11ú Eanair.

Is éigin do ḋaoine na páipéirí seo mar scipéirí a ḃeiṫ acu le bádaí a ḟáil ó Bord Iascaí Ṁara, faoi an scéim postceannaíoċta agus is mór an t-airgead is féidir a ḋéanaṁ ar na tráiléirí céanna.

Tá an ṁeas ag iascairí agus luċt bádaí ar na cúrsaí seo, agus tugtar teastas éifeaċta faoi Aċt Máirnéalaċta Tráċtála do na daoine a ċríoċníos an cúrsa go sásúil.

Ní mór do iarraṫóirí a ḃeiṫ ós cionn 20 bliain d'aois, agus trí bliana cleaċtaḋ a ḃeiṫ acu ar iascaireaċt farraige. Íoctar £7 an tseaċtain leis na h-iascairí fad is tá siad ar traenáil, ⁊ is féidir liúntas suas go dtí £6 sa tseaċtain a íoc i leiṫ daoine atá ag braṫ orṫa.

Cúrsa practiciúil atá ann, ⁊ go leor eolas teoraiciúil le é ḋéanaṁ bunúsaċ, agus ní raiḃ trioblóid ar biṫ ag na daoine a ḋein na cúrsaí seo roiṁe a gcuid páipéirí a ḟáil ag a ḋeireaḋ.

Caiṫeann siad trí ṁí ar ṫraenáil practiciúil ar an ḟarraige, ⁊ traenáil teoraiciúil, ar máirnéalaċt, obair farraige, agus ábair eile dá leiṫéid ar feaḋ 16 seaċtainí, ag Gairm-Scoil na Gaillime.

Íocann an Roinn costaisí taistil leis na h-ábair iascairí.

Tugann an cúrsa an bun eolas, agus an bunscil atá riaċtanaċ fá ċoinne tráiléir meán-méid a oibriú, agus cuireann sé ar ċumas na mbuaċaillí a ċríoċnaíonn an cúrsa, a ḃeiṫ páirteaċ in scéim cáirde Bord Iascaí Ṁara, sé sin, eirnis de 5 p.c., deontas de 25 p.c. ḋen ċostas, agus ús iseál ar an iasaċt de réir an 4 p.c. Ċoṁ maiṫ leis sin, má ġlactar costas an ḃáid taoḃ istiġ de 10 mbliana, dpoltas deontas fé leiṫ eile de 10 p.c. den ċostas.

Aċ, is bun riaċtanas fá ċoinne na téarmaí seo, go mbeaḋ an cúrsa seo déanta go sásúil ag an iarraṫóir.

Leis an leaṫnú ar ár gcuid críoċa iascaireaċta, tá seans an ṁaiṫ fá ċoinne cuid ṁaiṫ eile de na bádaí seo agus is an cúrsa seo an bealaċ is fearr le ullmú fána gcoinne.

Duine ar biṫ atá 20 bliain, ⁊ cúpla bliain caite aige ar iascaireaċt, níor ṁiste do cur isteaċ láiṫreaċ ar an ċúrsa seo.

An tAṫrú san Trial i Labairt na Gaeilge

Sa Dáil, d'ḟiafraiġ an t-Uasal Mac Feorais, den Aire Oideaċais, cad iad na cúiseanna a ḃí leis an aṫrú insan scrúdú béil i labairt na Gaeilge nuair a ḃeaḋ an scrúdú á ḋéanaṁ ag na múinteoirí insan scoil, agus ós rud é gur caiṫeaḋ amaċ a leiṫéid de scrúdú, mar naċ raiḃ sé feiliúnaċ don Ḃunteastas, agus ós rud é go raiḃ scoláireaċta ollscoile agus rudaí dá leiṫéid ag braṫ ar an Árd-Teistiméireaċt, ar ṁeas sé, go raiḃ an saġas seo scrúdú feiliúnaċ fána ċoinne?

D'ḟreagair an Dr. Ó hIrġile, Aire Oideaċais, go ndearna Cigire na Roinne an scrúrú i dteannta le múinteoir ón scoil, aċ gurb iad na Cigirí a ṫug na marcanna, go dtí seo.

Nuair a rinne sé aṫḃreiṫniú ar an móḋ oibre, ṁeas sé go raiḃ an t-am feiliúnaċ fá ċoinne an ċéad marcáil a ḟágáil ag na múinteoirí san scoil. Ḃeaḋ na marcanna sin le fíorú arís ag Cigirí na Roinne. Ḃí dóċas aige adúirt an tAire, go mbeaḋ an móḋ oibre seo sásúil.

Ag freagairt ceiste eile, dúirt sé gurb é príoṁ gnó na gCigirí ná a ċinntiú go mbeaḋ an caiṫdéan céanna ann ar fud an scrúdú.

Ṫuig sé go nglacfaḋ na Cigirí somplaí de na micléinn ar tugaḋ marcanna díoḃa ag bárr, agus i lár agus ag bun na liostaí óna scoileanna; go ndéanfaḋ siad aṫscrúdú ar na scoláirí seo, agus ansin go n-ísleóḋ siad, nó go n-árdóḋ siad na marcanna, de réir an trial s'acu féin. Ḋéanfaí é sin i leiṫ gaċ uile rang Árd-Teistiméireaċta.

Miċeál Ó Móráin; Ḃa ṁór an tubaiste é muna nglacfaí macléinn a ḃí an ṁaiṫ, mar sompla.

An Dr. Ó hIrġile: Má tá sé an ṁaiṫ, ḃéarfaiḋ a ṁúinteoirí féin marcanna dó dá réir.

Séamas Ó Tulaiġ: Ġeoḃaiḋ sé meán ṁarc.

An Dr. Ó hIrġile: Ní ḃfuiġiḋ sé meán ṁarc. Ísleófar, nó árdófar an ṁarc de réir an caiġdéanú a ḋéanfas na Cigirí ar na marcanna a tugaḋ ċeana don scoil.

Breandán Mac Feorais; Tá sé ana ċasta.

An Dr. Ó hIrġile: Beiḋ siad in ann é ḋéanaṁ ceart go leor.

Ag freagairt ceiste ón Uasal Ó Diolúin, dúirt an Dr. Ó hIrġile, go raiḃ cainteanna ag Oifigeoirí na Roinne, le Ionadaiṫe na n-Árd-Ṁáistrí, insan tír; ní mar Árd-Ṁáistrí ar leiṫ a ḃí siad ag caint le ionadaiṫe na Roinne, aċ mar ionadaiṫe do na h-Árd-Ṁaistrí go léir.

Breandán Mac Feorais : An ḃfuil geallúint againn ón Aire go gcoiméadfar súil ar an móḋ seo, agus go n-aṫrófar é, más gá.

An Dr. Ó hIrġile: Tá fáilte ag na scoileanna roiṁe seo. Tá sé i gceist agam na scrúdaiṫe béil a leaṫnú don Ṁeán-Teistiméireaċt, agus do teangaċa nua-aimsire eile, agus caiṫfiḋ muid córas oibre a ḟáil ar é a ḋéanaṁ i gcomoibriú leis na scoileanna má tá muid leis an leaṫnú seo a ḋéanaṁ ins na blianta roṁainn.

Coláiste Teicneolaíoċta ar £400,000

Beiḋ coláiste teicneolaíoċta, ar ċostas £400,000, ag Gaillim, le freastal ar Gaillim, Muiġeo Ṫeas agus Roscomáin, roiṁ 1970, adeirtear. Sin é a cuireaḋ in iúl do Coiste Gairm-Oideaċais Caṫair na Gaillime, ag an ċruinniú deireannaċ. Dúirt siad go raiḃ súil acu gurb é an Stáit a ċuirfeaḋ an t-airgead iomlán ar fáil. Ṁol an coiste gurb é an Stát a d'íocfaḋ iomlán an ċostais, agus go dtaḃarfaḋ siad an ċuid is mó den ċostas coṫabáil ċoṁ maiṫ.